



QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Plean Corparáideach 2020

Clár

01

Réamhrá

02

Fís, Misean, Luachanna

03

Plean Corparáideach 2020

Réamhrá

Is é seo an seachtú plean corparáideach a foilsíodh ó bunaíodh an eagraíocht i Samhain 2012 agus an dara plean a dhíríonn ar thosaíochtaí agus ar ghníomhartha atá leagtha amach inár *Ráiteas Straitéise 2019-2021 – Luach a Chur le Cáilíochtaí*.

Tá raon leathan feidhmeanna reachtacha agus feidhmeanna eile le comhlíonadh againn maidir le cáilíochtaí agus dearbhú cáilíochta agus is léiriú ar an éagsúlacht sin an Plean Corparáideach. In 2019, chonacthas achtú an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú) trínar bronnadh feidhmeanna nua ar an QQI, cuid acu ar cuireadh tús leo in 2019 agus cinn eile a mheastar a gcuirfear tús leo in 2020.

Tá i gceist ag an QQI ár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh trí shláine an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chosaint; trí anailísíú agus léiriú a dhéanamh ar thionchar na mbearta a rinneadh chun cáilíochtaí an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú; trí dhul i mbun oibre go straitéiseach lenár bpríomh-gheallsealbhoirí agus tríd ár gcumas inmheánach a mhéadú chun ár bhfeidhmíocht a bhuanú, a fheabhsú agus a chur in iúl. I dteannta a chéile, is iad seo na tosaíochtaí atá leagtha amach inár *Ráiteas Straitéise*.

Cuireann an QQI béim shuntasach i gcónaí ar an gcaidreamh atá bainte amach aige le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, le comhlachtaí gairmiúla agus rialála, le soláthraithe agus le hinstiúidí agus le comhlachtaí ionadacha foghlaimoírí agus instiúidí. Táimid ag tnúth le dul i gcomhar le geallsealbhoirí ar mhaithe leis na gníomhaíochtaí atá i bPlean Corparáideach 2020 a chur i bhfeidhm agus faoin tslí a gcuireann siad na tosaíochtaí agus na gníomhartha inár *Ráiteas Straitéise 2019-2021 – Luach a Chur le Cáilíochtaí* i bhfeidhm.

Ár bhFís

Ár mBunchuspóir

Ár Luachanna

Geallaimid dul i mbun oibre go díograiseach agus go diongbháilte i leith fis d'Éirinn ina dtairgtear deiseanna ardchaighdeán forleathana oideachais agus oiliúna, ionas gur féidir le foghlaimeoirí an gealladh ar fad atá fúthu a chomhlíonadh trí cháilíochtaí a bhaint amach, cáilíochtaí a bhfuil meas orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Cothaíonn an QQI muinín an phobail i gcaighdeán an oideachais agus na hoiliúna, muinín sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus feabhsú leanúnach i measc soláthraithe oideachais agus oiliúna.

Is iad luachanna soiléire agus an cineál iompair a ghabhann leo a rialaíonn ár gcur chuige i leith ár gcuid oibre féin agus an tslí a n-oibrímid lenár gcomhpháirtithe.

Creidimid go bhfuil **freagracht i bpáirt** againn le grúpaí eile chun muinín i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna agus feabhsúchán leanúnach iontu a chinntiú. Creidimid gurb é an tslí is féidir lenár spriocanna agus ár gculpóirí a bhaint amach ná dul i mbun oibre ar shlí chomhoibritheach cuiditheach leis na comhpháirtithe agus soláthraithe éagsúla atá againn. Is mór againn iarrachtaí comhoibritheacha ar mhaithe le leas frithpháirteach.

Geallaimid dul i mbun oibre **le hoibiachtúlacht agus le trédhearcacht**. Is é seo an bonn lenár gcinnteoireacht, ár mbeartais, ár nósanna imeachta agus ár ngníomhaíochtaí. Bunaítear iad ar fhianaise, agus ar dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus seoltar iad ar shlí atá trédhearcach agus trína gcothaítear muinín.

Geallaimid dífeall a dhéanamh dár gcomhpháirtithe, dár soláthraithe agus dár bhfoireann. Is mór againn **an ghnóthachtáil agus an tionchar** - an tslí a gcomhlíontar spriocanna agus cuspóirí as a leanann tionchar dearfach substaintiúil ar ár dtimpeallacht oibre.

Táimid tiomanta **don fhoghlaim agus don nuálaíocht** inár n-eagraíocht ar mhaithe lenár seirbhísí a fheabhsú go leanúnach.

Plean Corparáideach 2020

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2019-2021 tosaíochtaí agus príomhghníomhartha na heagraíochta chun muinín a chothú i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna in Éirinn, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus na táscairí a úsáidfear chun ár dtionchar a thomhas.

Dírítear sna tosaíochtaí seo ar iomláine an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí, Anailís agus Tionchar; Comhoibriú agus Rannpháirtíocht; agus Cumas Eagraíochtúil. Aithnítear inár bPlean Corparáideach 2020 na gníomhaíochtaí a chuirfear i gcrích i mbliana a chabhróidh linn ár dtosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh.

Tosaíocht Straitéiseach 1 Sláine an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chosaint	Gníomhaíocht	Críochdháta
a. Rialóimid rochtain ar an CNC i gcás forais cháiliúcháin & cáilíochtaí agus déanfaimid an CNC a fhorbairt agus a chur chun cinn in Éirinn mar ghné lárnach de chóras solúbtha freagrúil cáilíochtaí Éireannacha a bheidh dearbhaithe ó thaobh cáilíochta	Scéim reachtúil a bhunú chun dámhachtainí a chur san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC)	R4*
	Próiseas a bhunú chun forais cháiliúcháin a liostáil agus a ndámhachtainí a chur san áireamh sa CNC.	R4*
	Tuarascáil deiridh a fhoilsiú maidir leis an CNC a atagairt leis an gCreat Eorpach Cáilíochtaí agus inchomparáideacht leis an gCreat Cáilíochtaí - Limistéar Eorpach an Ardoideachais (QF-EHEA) a fhéindeimhniú.	R4
b. Athróimid ár gcóras caighdeán agus dámhachtainí chun éifeachta ionas gur féidir le soláthraithe cláir sholúbtha, freagrúla oideachais agus oiliúna a mbeidh tagarmharc náisiúnta acu a chur ar fáil as a leanfaidh ár ndámhachtainí	Páipéar Uaine ar Cháilíochtaí a Fhoilsiú	R1
	Dul i gcomhairle maidir leis an bPáipéar Uaine ar Cháilíochtaí agus imeacht(aí) gaolmhara a óstáil	R1-4
	Grúpa páirtithe leasmhara a thionól chun comhairle a chur ar fáil ar an gCóras Cáilíochta agus Cáilíochtaí	R2
	Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ar dhréachtchaighdeáin ghinearálta (Croí agus Sainiúil ó thaobh Gairmeacha) ar Leibhéal 1-4 den CNC	R4

*Faoi réir acmhainní a bheith ar fáil

Tosaíocht Straitéiseach 1		Gníomhaíocht	Críochdháta
c.	Rialóimid rochtain soláthraithe príobháideacha oideachais agus oiliúna ar dhámhachtainí QQI agus tabharfar slándáil dá bhfoghlaimeoirí trí chiste cosanta d'fhoghlaimeoirí a thabhairt isteach	An ciste reachtúil cosanta d'fhoghlaimeoirí a bhunú	R4*
		Comhairle an QQI a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le rialacháin ar Aclaíocht Chorparáideach	R1
d.	Údaróimid soláthraithe ardoideachais agus mhúineadh an Bhéarla chun an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a úsáid le foghlaimeoirí idirnáisiúnta	Cód reachtúil cleachtais a fhoilsiú maidir le Múineadh an Bhéarla	R4*
		Nósanna imeachta a fhoilsiú chun an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a údarú do sholáthraithe mhúineadh an Bhéarla	
		Cód reachtúil cleachtais a fhoilsiú maidir leis an oideachas idirnáisiúnta i gcás soláthraithe ardoideachais	R4*
		Nósanna imeachta a fhoilsiú do sholáthraithe ardoideachais maidir le húdarú chun an Marc Idirnáisiúnta Oideachais ardoideachais a úsáid	
e.	Cuirfimid faisnéis chuimsitheach ar fáil agus aithneofar muid mar ghuth údarásach ar sholáthar ardchaighdeán oideachais agus oiliúna agus ar na caighdeáin atá ar fáil in Éirinn	Tuarascáil treochtaí cúig bliana ar Dhámhachtainí QQI a fhoilsiú	R1
		Clár Cáilíochtaí na hÉireann a sheoladh	R1

**Faoi réir acmhainní a bheith ar fáil*

Tosaíocht Straitéiseach 2 Ár staid uathúil a úsáid mar ghníomhaireacht a thrasnaíonn an t-oideachas agus an oiliúint iar-mheánscoile chun léiriú a thabhairt ar thionchar na mbeart a rinneadh chun caighdeán an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú ar mhaithe le foghlaimeoirí	Gníomhaíocht	Críochdháta	
a.	Úsáidfeá ár measúnachtaí neamhspleácha ar sholáthraithe agus ár dtaighde agus anailís ar mheastóireachtaí faoi threoigr soláthraithe chun comhairle ardleibhéal a chur ar dhéantóirí beartais agus ar mhaoinitheoirí maidir leis an gcáilíocht sa chóras oideachais agus oiliúna	<p>Anailís lár théarma bunaithe ar théamaí a dhéanamh ar athbhreithnithe Cinnte</p> <p>Beartas le haghaidh Athbhreithniú Tionscnaimh ar an Dearbhú Cáilíochtaí i mBoird Oideachais agus Oiliúna</p> <p>Achoimre ar Thuarascálacha Bliantúla Institiúideacha Cáilíochta a Fhoilsiú (Léargais ar an Ardoideachas)</p> <p>Samhail AIQR a bhunú le haghaidh soláthraithe príobháideacha ardoideachais</p> <p>Beartas a fhoilsiú maidir le hAthbhreithniú Cinnte ar Sholáthraithe Príobháideacha Ardoideachais</p> <p>Téarmaí Tagartha agus Lámhleabhar a chur i dtoll a chéile maidir le hAthbhreithnithe Príobháideacha Ardoideachais Cinnte</p> <p>Sceideal oibre a fhoilsiú maidir le hAnailísí Téamacha ar Ghníomhaíochtaí Seachtracha DC</p> <p>Anailís Bunaithe ar Théama maidir le soláthraithe a athfhostú</p>	<p>R3</p> <p>R3</p> <p>R3</p> <p>R4*</p> <p>R3*</p> <p>R4*</p> <p>R2</p> <p>R3</p>
b.	Cuirfimid treoir ar fáil do sholáthraithe agus measúnóimid iad chun breisiú cáilíochta a spreagadh agus a chur chun cinn sa soláthar oideachais agus oiliúna	<p>Freagra ar an aiseolas comhairliúcháin ón bPáipéar Uaine ar Mheasúnú a fhoilsiú</p> <p>Anailís QQI ar an tuarascáil (cuid ii) ar mheastóireacht d'fhormheas do chlár ardoideachais faoi threoir soláthraí a fhoilsiú</p>	<p>R1</p> <p>R2</p>
c.	Déanfaimid anailís chúramach agus tuairisceoidimid ar thorthaí an chórais cháilíochtaí chun eolas a chur ar fáil do chinnteoirí oideachais agus do chinnteoirí margadh saothair. <i>*Faoi réir acmhainní a bheith ar fáil</i>	<p>Clár oibre ar anailís sonraí a fhoilsiú</p>	<p>R1</p>

Tosaíocht Straitéiseach 3 Tacú le córas ardcháilíochta oideachais agus oiliúna trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a théann chun leas an dá thaobh		Gníomhaíocht	Críochdháta
a.	Déanfaimid ár ndícheall chun tionchar a imirt ar bheartas tríd an teagmháil atá againn leis an rialtas, le cisteoirí poiblí agus le páirtithe leasmhara eile	An dara Meabhrán Tuisceana a thabhairt chun críche leis an bhFóram Náisiúnta chun an Múineadh agus an Fhoghlaim san Ardoideachas a Bhreisiú	R1
		An dara Meabhrán Tuisceana le SOLAS a thabhairt chun críche	R1
		Freagra a thabhairt ar chomhairliúcháin ábhartha poiblí maidir le hoideachas agus oiliúint	R1-4
		Plean Meán Sóisialta a bhunú	R1
b.	Rachaimid i gcomhar le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, comhpháirtithe sóisialta agus comhlachtaí gairmiúla aitheantais chun ár gcion a dhéanamh chun beartas comhordaithe a bhaint amach i dtaca le riachtanais scile, rialacháin agus caighdeáin agus cáilíochtaí gaolmhara gairme.	Sraith imeachtaí a óstáil le comhlachtaí gairmiúla chun comh-ionchais a chur i dtoll a chéile	R2-R4
		Tuarascáil a fhoilsiú ar phointí teagmhála idir an earnáil oideachais agus oiliúna agus fostóirí, lucht tionscail agus na hearnálacha fiontair agus gnó.	R4
		Suirbhé a dhéanamh ar pháirtithe leasmhara QQI	R1
c.	Oibreoidimid i gcomhar le soláthraithe agus forais cháiliúcháin chun comhfhreagracht as córas ardchaighdeáin oideachais agus oiliúna a chur chun cinn trína spreagfar trédhearcacht agus feabhsú	Imeachtaí breisithe a thionól ar (i) Comhdháil forbartha foirne/ forbartha gairmiúla leanúnaí (13 Feabhra 2020) (ii) Imeachtaí na reachtaíochta nua (aistriú institiúidí teicneolaíochta go comhlachtaí ainmnithe cáiliúcháin); (iii) Anailís Théamach ar Cheadú agus Aththeadú Clár (institiúidí teicneolaíochta, ollscoileanna agus comhlachtaí gairmiúla)	R1-4 R1 R1 R3
		Clár a chur ar fáil chun Dul i gComhar le Soláthraithe maidir le Muilte Aistí (Líonra Náisiúnta na hImláine Acadúla)	R1-4
d.	Rachaimid i gcomhar le comhlachtaí ionadacha d'fhoghlaimoírí chun dea-chleachtas i measc soláthraithe a spreagadh	Tacú leis an gClár Náisiúnta Rannpháirtíochta do Mhic Léinn agus leis an bhFóram Foghlaimoírí Breisoideachais agus Oiliúna	R1-R4


Tosaíocht Straitéiseach 3		Gníomhaíocht	Críochdháta
e.	Oibreimid i gcomhar lenár gcomhghleacaithe AE agus le compháirtithe idirnáisiúnta eile chun tionchar a imirt ar bheartas cáilíochta agus cáilíochtaí Eorpacha agus chun bonn a chur faoinár gcuid oibre anseo in Éirinn.	Rannpháirtíocht na foirne feidhmiúcháin i bpiar-rialachas gníomhaireachtaí DC agus in athbhreithnithe idirnáisiúnta	R1-4
		Críochnóimid tionscadail aitheantais a fhaigheann cistiú ó Erasmus faoin Líonra Eorpach d'Ionaid Faisnéise-Ionaid Faisnéise Náisiúnta um Aitheantas Acadúil (ENIC/NARIC)	R1-4
		Bheith rannpháirteach i bPiarghrúpa Téama - iarchruinniú Bologna maidir le Comhráiteas Pháras ar Choinbhinsiún Aitheantais Liospóin 2020	R2
		Árgcion a dhéanamh i nGrúpa Comhairleach EQF, ESCO (Rangú Eorpach Scileanna, Inniúlachta, Gairmeacha agus Cáilíochtaí) agus ar leibhéil tagartha domhanda UNESCO	R1-4
		Comhphlean gníomhaíochta Europass/Pointe Náisiúnta Comhordúcháin a chur i bhfeidhm	R1-R4
		Cruinniú de Ghrúpa Tagartha Thionscnaimh an Aontais Eorpaigh a óstáil	R4
		Bheith rannpháirteach in imeacht cúig thír (Sasana, Albain, An Bhreatain Bheag, Tuaisceart Éireann agus Éire) i mBéal Feirste	R1
Tosaíocht Straitéiseach 4		Gníomhaíocht	Críochdháta
Cumas inmheánach a fhorbairt chun ár bhfeidhmíocht a bhuanú, a fheabhsú agus a chur in iúl			
a.	Leanfaimid ar aghaidh dár ndaoine a thacú agus a fhorbairt chun feidhmeannacht sholúbtha, rannpháirteach, inoiriúnaithe agus inspreagtha a chothú	Moltaí ag éirí as an measúnú KeepWell Mark in 2019 a chur i bhfeidhm	R1-4
		Tús a chur le hobair ullmhúcháin chun an chéad leibhéal eile den KeepWell Mark a bhaint amach don eagraíocht	R4
		Tús a chur le clár cuimsitheach earcaíochta agus ionductaithe ar aon dul leis na moltaí sa tuarascáil pleanála lucht saothair.	R1-4
		Plean bainistíochta comharbais agus talainn a chur i dtoll a chéile	R1
		An Plean Lucht Saothair a athbhreithniú agus a thabhairt suas chun dáta	R2


Tosaíocht Straitéiseach 1		Gníomhaíocht	Críochdháta
a.		Straitéis oiliúna agus forbartha a chur i dtoll a chéile ar son na heagraíochta bunaithe ar anailís ar an mbearna scileanna agus ar PMDS.	R2
		Clár oiliúna don lucht bainistíochta a chur ar fáil	R2
		Moltaí a rinneadh sa Straitéis Acmhainní Daonna agus ón Suirbhé ar Rannpháirtíocht Foirne a chur i bhfeidhm	R1-4
		Plean gníomhaíochta de réir a chéile a chur i dtoll a chéile maidir le riachtanais chóiríochta amach anseo i gcomhairle leis na comhpháirtithe ábhartha	R3
		Prótacal a bhunú le haghaidh cumarsáid inmheánach (i gcomhar le hAcmhainní Daonna)	R1
b.	Déanfaimid comhaontú a chur i dtoll a chéile maidir le samhail thrédhearcach inbhuanaithe chun muinín a chothú i gcur i bhfeidhm na straitéise	Measúnú FMMM (Samhail Aibíochta Bainistíochta Airgeadais) a chomhlánú agus clár feabhsúcháin a chur i dtoll a chéile	R2
		Anailís a dhéanamh ar riachtanais caiteachais chaipitil maidir leis an straitéis trí bliana (2019-2021)	R3
		Tús a chur le próiseas ilbhliantúil buiséid	R2-3
		Pacaí Eolais Airgeadais tugtha chun dáta a fhoilsiú do bhaill an phainéil	R2
		Leagan nua de leabhrán eolais míniúcháin ar tháillí a fhoilsiú	R3
		Plean le haghaidh samhail nua cistiúcháin a bheidh mar bhunús le meastacháin bhuiséid 2021 a chur i bhfeidhm	R1

Tosaíocht Straitéiseach 1		Gníomhaíocht	Críochdháta
c.	Infheisteoimid tuilleadh airgid inár mbonneagar TFC agus inár gcumas inmheánach mar shlí chun táirgiúlacht na heagraíochta a fheabhsú tuilleadh agus seirbhísí dár gcliaint a bhreisiú	Straitéis Theicneolaíocht Eolais agus Chumarsáide a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bogearraí a fhorbairt le haghaidh feidhmeanna nua	R1-4
		Áiritheoir Táillí a fhorbairt chun cláir bhreisoideachais agus oiliúna a bhailíochtú	R4
		Plean gníomhaíochta chairt do chustaiméirí a chur i dtoll a chéile	R1-4
		Táillí nua a mholadh d'fheidhmeanna nua	R4*
		Conradh a bhronnadh chun suíomh gréasáin QQI a athdhearadh	R2
		Moltaí a rinneadh san Athbhreithniú ar Shlándaíl TFC a chur i bhfeidhm	R1-4
d.	Léireoimid dea-chleachtas i dtaca lenár rialachas feidhmiúil agus corparáideach ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus na hoibleagáidí ábhartha reachtacha agus rialála a chomhlíonadh.	Timthriall ceadaithe iniúchta inmheánaí a chur ar fáil	R1-4
		Athbhreithniú ar an mBeartas Bainistíochta Riosca a thabhairt chun críche	R1
		Athbhreithniú seachtarach ar an Struchtúr Rialachais QQI a sheoladh	R2
		Creat Dearbhuithe Bainistíochta a chur i dtoll a chéile	R3
		Oiliúint soláthar a chur ar fáil don fhoireann ábhartha	R1
		Tuarascáil dul chun cinn ar an Ráiteas Straitéise 2019-2021 a thabhairt chun críche	R1
		Plean nuashonraithe Cosanta Sonraí a chur i bhfeidhm chun géilliúlacht RGCS a neartú	R1-4
		An Plean Cumarsáide Géarchéime a chur i bhfeidhm	R1-4
		An Clár-Oifig a athbhunú	R2*

*Faoi réir acmhainní a bheith ar fáil

26/27 Lána Denzille
Baile Átha Cliath 2
D02 P266
Éire

 +353 1 905 8100

 @QQI_connect

www.QQI.ie